

Foilsíonn EUSPA Tuarascáil Margaidh nua ar Fhaire na Cruinne agus ar Loingseoireacht Satailíte

EUSPA/PR/21/01 Prág, 25 Eanáir 2022

Is cumasóir don fhás gnó é Clár Spáis an Aontais Eorpaigh a spreagann an geilleagar agus a bhrúnn beár na nuálaíochta chun cinn. Is í an Tuarascáil Margaidh ar Fhaire na Cruinne agus GNSS de chuid EUSPA an treoir dheiridh do dhuine ar bith atá ag iarraidh teicneolaíochtaí Loingseoireachta Satailíte agus Faire na Cruinne de chuid an AE a dhéanamh mar chuid dá bplean gnó agus feidhmeanna nua iartheachacha spáis a fhorbairt.

Braitheann an tsochaí níos mó ná riamh ar réitigh nuálacha chun déileáil leis an bparaidím d'olltíomsú sonraí, chun freagairt do thubaistí nádúrtha agus de dhéantús an duine agus iad a mhaolú, chun srian a chur le leathadh galar agus chun slabhra soláthair domhanda atá mar bhonn faoinár saol laethúil a neartú. Tá sonraí Fhaire na Cruinne (EO) agus Chóras Domhanda um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) ag éirí níos tábhachtaí do na réitigh nuálacha sin trí na scórtha feidhmeanna atá ag teacht chun cinn nó atá in úsáid cheana féin ag saoránaigh, gnólaicthe, rialtais, tionscal, eagraíochtaí idirnáisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus taighdeoirí ar fud an domhain. **In 2021, ghin an margadh iartheachach GNSS agus EO breis agus EUR 200 billiún d'ioncam agus tá siad réidh le beagnach leath-thrilliún a bhaint amach sna deich mbliana atá amach romhainn.**

Chun cabhrú leat tuiscint níos fearr a fháil ar theicneolaíocht an spáis agus leas iomlán a bhaint aisti, thiomasaigh saineolaithe EUSPA "EUSPA EO and GNSS Market Report" [Tuarascáil Margaidh EO agus GNSS de chuid EUSPA]. Cuireann an staidéar uileghabhálach faisnéis anailíseach ar fáil maidir le margáí dinimiciúla GNSS agus EO, mar aon le hanaílísí doimhne ar na treochtaí agus ar na forbairtí domhanda is déanaí trí shamplaí léirithe agus cásanna úsáidte. Trí úsáid a bhaint as ardsamhlacha eacnaiméadracha, tugann sé freisin réamhaisnéisí éabhlóide an mhargaidh ar lastais GNSS nó ar ioncam EO a chlúdaíonn go dtí 2031.

Agus í ag díriú ar Galileo/EGNOS agus ar Copernicus, leagtar béim sa tuarascáil ar ról ríthábhachtach na sonraí spáis ar fud **17 ndeighleog den mhargadh** lena n-áirítear, Talmhaíocht; Eitlíocht agus Dordáin; Bíthéagsúlacht, Éiceachórais agus Caipiteal Nádúrtha; Seirbhísí Aeráide; Réitigh Thomhaltóirí, Turasóireacht agus Sláinte; Bainistíú Éigeandála agus Cabhair Dhaonnúil; Fuinneamh agus Amhábhair; Faireachán Comhshaoil; Iascach agus Dobharshaothrú; Foraoiseacht; Bonneagar; Árachas agus Airgeadas; Uiscebhealaí Mara agus Intíre; Iarnród; Bóithre agus Uathghluaisneach; Forbairt Uirbeach agus Oidhreacht Chultúrtha; agus Spás.

Roinnt buaicphointí na tuarascála

- Bainfidh lastais ghlacadóirí bhliantúla dhomhanda GNSS 2.5 billiún aonad amach faoi 2031, agus formhór na bhfeidhmeanna a thagann faoin deighleog a bhaineann le Réitigh Thomhaltóirí, Turasóireacht agus Sláinte, arb ionann é agus tuairim is 92% de lastais bhliantúla dhomhanda;
- In EO, taobh amuigh de na margáí is mó amhail Talmhaíocht, Forbairt Uirbeach agus Oidhreacht Chultúrtha nó Fuinneamh agus Amhábhair, táthar ag súil go mbeidh an fás is tapúla sa deighleog Árachais agus Airgeadais sna deich mbliana atá amach romhainn (21% de CAGR) le haghaidh shonraí EO agus ioncam seirbhíse breislúacha araon;
- Ó thaobh an tsoláthair de, tá os cionn 41% den mhargadh domhanda iartheachach EO agus 25% den mhargadh domhanda iartheachach GNSS ag an Tionscal Eorpach.

"Tá Clár Spáis suaitheanta an Aontais Eorpaigh, arna thiomáint ag Galileo agus EGNOS ar thaobh amháin agus ag Copernicus ar an taobh eile, ina mhórchumasóir anois sa mhargadh feidhmeanna spáis iartheachaigh. Mar ghníomhaireacht atá dírithe ar an úsáideoir, soláthraímid an fhaisnéis seo ón taobh istigh faoi éabhlóid na margáí dár n-úsáideoirí, ar nuálaithe, fiontraíthe, infheisteoirí, taighdeoirí acadúla, déantóirí foirme sliseanna iad, nó aon duine a bhreathnaíonn isteach sa spás chun luach a thabhairt dá gcuid gníomhaíochtaí. Cuirtear breislúach agus príomhdhifreálaithe GNSS agus EO na hEorpa os comhair an phobail ar leithligh agus i sineirge le chéile. Tá a fhios agam go mbeidh an-úsáid agus an-spreagadh ag baint leis an tuarascáil dóibh siúd atá ag cur le fás eacnamaíoch an AE," a dúirt Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUSPA, Rodrigo da Costa.

Tá an tuarascáil ar fáil le [híoslódáil anseo](#).

Maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

Soláthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) seirbhísí Eorpacha loingseoireachta satailíte atá sábháilte agus slán; cuireann sí tráchtálú sonraí agus sheirbhísí Galileo, EGNOS agus Copernicus chun cinn; agus comhordaíonn sí GOVSATCOM, an clár cumarsáide satailíte rialtais atá le teacht ó AE. Tá EUSPA freagrach as creidiúnú slándála a dhéanamh ar na comhpháirteanna uile de Chlár Spáis AE. Trí chabhrú le hearnáil spáis atá nuálach agus iomaíoch a fhorbairt agus trí dhul i dteagmháil le pobal iomlán Spáis AE, rannchuidíonn EUSPA leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach agus le sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú, agus neamhspleáchas agus athléimneacht an Aontais á threisiú aige an tráth céanna.

Le tuilleadh faisnéise a fháil:

Marie Ménard, Oifigeach Cumarsáide EUSPA: Marie.Menard@euspa.europa.eu

Teil.: +420 237 766 627 - Fón póca: +420 602 619 776